

## Fuinneamh a shábháil sa bhaile



Is inár dtithe a úsáidtear an ceathrú cuid den fhuinneamh a úsáidimid. In 2017, úsáideadh 59% den fhuinneamh do théamh, úsáideadh 20% chun uisce a théamh, úsáideadh 18% do shoilsiú agus d'fhearais, agus úsáideadh 2% do chócaireacht.

### Smaoinigh faoi...

Seo roinnt ceisteanna a chabhróidh le do rang smaoinigh faoin bhfuinneamh a úsáideann tú gach lá sa bhaile...

1. *Conas a úsáideann tú fuinneamh san áit a gcónaíonn tú? Smaoinigh faoi gach seomra: an chistin, an seomra folctha, an seomra leapa, an seomra suí.*
2. *Cé na gléasanna nó cén trealamh leictreach a úsáideann tú gach lá?*
3. *An féidir leat smaoinigh ar bhealaí chun fuinneamh a shábháil sa bhaile?*

### Fuinneamh sa bhaile

Úsáidtear fuinneamh i dtithe do go leor rudaí cosúil le teas, solas, cócaireacht, níochán, cithfholcadh a ghlacadh, féachaint ar an teilifís nó cluichíocht. Cruthaítear dé-ocsaíd charbóin nuair a dhóitear breoslaí iontaise chun fuinneamh a chruthú. Is ceann de na gáis cheaptha teasa is cúis le hathrú aeráide í dé-ocsaíd charbóin. Tá fuinneamh an-tábhachtach maidir le compord ár dtithe agus cuireann sé teas agus leictreachas ar fáil.

### Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

Tá go leor bealaí ann chun níos lú fuinnimh a úsáid agus chun áit níos compordaí a dhéanamh de do theach. Is féidir leat airgead a shábháil agus dul i mbun gnímh freisin in aghaidh athrú aeráide trí fuinneamh a shábháil. Seo roinnt rudaí ba chearta a chur san áireamh nuair a dhéanann tú smaoinigh faoi fuinneamh a shábháil sa bhaile:

- Soilsiú.
- Téamh agus uisce te.
- Gléasanna; meaisíní níocháin, miasniteoirí, cócaireáin, triomadóirí éadaigh.

- Trealamh leictreonach agus siamsaíochta baile; ríomhairí, teilifís, DVD, consóil chluichí.
- Inslíú.

Is féidir le daoine rudaí éagsúla a dhéanamh chun fuinneamh a shábháil. Cosnaíonn roinnt díobh airgead agus ní chosnaíonn roinnt eile díobh aon rud. Seo roinnt samplaí:

### **Athraigh d’iompar**

- Socraigh na hamanna a bhíonn do théamh ar siúl agus múchta, ar aon dul le do ghnáthamh laethúil.
- Ísligh an teirmeostat i seomraí comhluadair anuas go 20°C.
- Dún doirse chun an teas a choimeád istigh.
- Tarraing cuirtíní chun an teas a choimeád istigh, ach oscail iad ar maidin le teas na gréine a scaoileadh isteach.
- Úsáid an chomhla ar an radaitheoir chun an teocht a ísliú nó a mhúchadh i seomraí nach mbaineann tú mórán úsáide astu.
- Múch an téamh nuair a fhágann tú an teach nó má bhíonn tú as baile.
- Úsáid solas nádúrtha an lae, a mhéid agus is féidir.
- Múch soilse nuair a fhágann tú seomra nó nuair nach dteastaíonn siad uait.
- Triomaigh éadaí ar chroch éadaí nó ar líne níocháin seachas i dtriomadóir éadaigh.
- Múch do ghléasanna go léir istoíche agus nuair nach mbíonn tú sa bhaile.
- Clúdaigh potaí agus pannaí le clár chun an teas a choimeád istigh.

### **Leideanna ísealchostais**

- Cuir bolgáin atá tíosach ar fhuinneamh in ionad bolgáin solais nach bhfuil ag obair.
- Seiceáil an bhfuil séideáin d’aer fuar ag teacht trí fhuinneoga, poill eochrach agus doirse agus déan iad a bhlocáil.
- Mura n-úsáideann tú do thinteán, úsáid balún simléir chun na séideáin a choimeád amach.

### **Leideanna meánchostais**

- Insligh d’áiléar.
- Ceannaigh gléasanna atá tíosach ar fhuinneamh. Bí ag faire amach le haghaidh ‘A’ ar an Lipéad Fuinnimh.

- Cuir monatóir fuinnimh i do theach chun cabhrú leis an bhfuinneamh a úsáideann tú a bhainistiú.

#### **Leideanna fadtéarmacha**

- Cuir insliú i d'áiléar agus i do bhallaí, d'fhéadfá idir 30 agus 40% a shábháil ar do bhille téimh baile.
- Smaoinigh ar fhuinneamh in-athnuaite, cosúil le painéil ghréine.
- Sábháil uisce agus sábhálfaidh tú fuinneamh. Glacann sé fuinneamh chun uisce a chóireáil agus a chaidéalú isteach i dtithe, agus chun é a théamh. Úsáid níos lú uisce agus sábhálfaidh tú fuinneamh, úsáideann cithfholcadh 20% den mhéid fuinnimh a bhíonn ag teastáil ó fholcadh.
- Socraigh do theirmeastat uisce the idir 60 agus 65°C, le cinntiú nach ndéanann tú d'uisce a dhéanamh róthe.
- Is chun an t-uisce a théamh a úsáidtear an chuid is mó den fhuinneamh a úsáideann miasniteoir agus meaisín níocháin. Roghnaigh teocht níos ísle agus beidh do chostais fuinnimh níos ísle - nigh éadaí ar 30 °C.
- Ná beirigh citeal iomlán chun cupán tae amháin a dhéanamh.

## **Eolas breise**

### **Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí**

#### *Láithreáin Ghréasáin*

- Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an SEAI agus tiocfaidh tú ar níos mó [leideanna chun fuinneamh a shábháil sa bhaile](#)
- Aimsigh eolas breise faoi [ghrianchumhacht](#) a úsáid
- Foghlaim faoi [Dheontais Baile an SEAI](#)
- Tá go leor eolais ag BSL ar [éifeachtúlacht fuinnimh sa bhaile](#)
- Caith súil ar leideanna ón [nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Maireachtáil Ghlas](#)
- Aimsigh eolas faoin bhfírinne faoi [rudá a fhágáil ar fuireachas](#)

#### *Físeáin*

- [Fuinneamh, Sábhálaimis É!](#)
- [Dermot Bannon: Daoine a spreagadh chun aird níos mó a thabhairt ar éifeachtúlacht fuinnimh](#)

## Acmhainní do Mhúinteoirí amháin

Úsáid na hacmhainní [Fuinneamh i nGníomh](#) le do rang.

- [C2 Gníomhaíocht 2: Éifeachtúlacht Fuinnimh Phearsanta a Thástáil agus Bileoga oibre C agus D](#)
- [C2 Gníomhaíocht 3: Lipéid Fuinnimh agus Gléasanna agus Bileoga oibre E, F agus G](#)